**CINNEADH (AE) 2024/2664 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 8 Deireadh Fómhair 2024**

**lena leasaítear Cinneadh 2011/72/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Eanáir 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2011/72/CBES ([1]), a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis.

(2) Ar bhonn athbhreithniú a rinne an Chomhairle, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le beirt a scriosadh mar aon leis an bhfaisnéis a bhaineann lena gcearta chun cosanta agus lena gcearta chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil.

(3) An 27 Samhain 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/2686 ([2]) lenar leasaíodh cinntí áirithe ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha chun forálacha maidir le heisceachtaí daonnúla a chur isteach.

(4) Measann an Chomhairle gur cheart clásail athbhreithniúcháin a bhaineann leis na heisceachtaí sin a thabhairt isteach.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2011/72/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh 2011/72/CBES mar a leanas:

(1) in Airteagal 5, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘3. Déanfar na heisceachtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(6) agus (7) a mhéid a bhaineann le hAirteagal 1(1) agus (2) a athbhreithniú go tráthrialta, agus ar a laghad gach 12 mhí, nó ar iarraidh phráinneach ó aon Bhallstát, ón Ardionadaí, nó ón gCoimisiún tar éis d’athrú ó bhonn teacht ar na himthosca.’;

(2) leasaítear an Iarscríbhinn i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 8 Deireadh Fómhair 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

VARGA M.

([1]) Cinneadh 2011/72/CBES ón gComhairle an 31 Eanáir 2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis (IO L 28, 2.2.2011, lch. 62).

([2]) Cinneadh ón gComhairle an 27 Samhain 2023 lena leasaítear cinntí áirithe ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha chun forálacha maidir le heisceachtaí daonnúla a chur isteach (IO L, 2023/2686, 28.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2686/oj).

*IARSCRÍBHINN*

I ranna A agus B den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/72/CBES, scriostar na hiontrálacha a bhaineann leis na daoine seo a leanas:

18. Moez Ben Moncef Ben Mohamed TRABELSI;

21. Houssem Ben Mohamed Naceur Ben Mohamed TRABELSI.